ISSN 1725-2571

**Eagrán Speisialta ***
**7 Bealtaine 2009**

# Iris Oifigiúil
## an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Leathanach

V *Fógraí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú**

Fógra maidir le comórtas oscailte: Anailísí Ríomhchláraitheora — Tagairt: EF/TA/09/01 .................... 1

Fógra um chomórtas oscailte: Bainisteoir Taighde (Bainistíocht Acmhainní Daonna) — Tagairt: EF/TA/09/07 .................... 2

* Faoin tagairt C 105 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais.

GA

V

*(Fógraí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN FORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE A FHEABHSÚ

### FÓGRA MAIDIR LE COMÓRTAS OSCAILTE: ANAILÍSÍ RÍOMHCHLÁRAITHEORA

TAGAIRT: EF/TA/09/01

(2009/C 105 A/01)

Tá an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Éire, ag iarraidh Anailísí Ríomhchláraitheora a earcú.

Tabharfaidh an té a cheapfar tuairisc do Cheann an Aonaid TFC agus beidh sé nó sí freagrach as gach ní nó as roinnt de na nithe ar an liosta seo a leanas:

— Microsoft Office SharePoint Server 2007 (MOSS) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cumraíocht, comhtháthú le córais atá ann, saincheapadh agus ríomhchlárú;

— An tInlíon a athdhearadh agus a fhorbairt: réiteach oiriúnach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar Inlíon reatha Eurofound agus ar na feidhmchláir lena mbaineann;

— Riachtanais a anailísiú agus feidhmchláir ghnó a shonrú agus a chur i bhfeidhm, ag oibriú go dlúth le foireann Eurofound ó aonaid ábhartha ghnó;

— Feidhmchláir bunaithe ar an Inlíon a chur i bhfeidhm, a dhoiciméadú agus a thacú, ag oibriú go dlúth le conraitheoirí ríomhchlárúcháin seachtracha Eurofound;

— Obair dhlúth a dhéanamh le baill eile na foirne TFC chun tacaíocht ghinearálta TFC agus fabhtcheartú a chur ar fáil trí mheán na deisce cabhrach TFC;

— Dualgais agus freagrachtaí eile a fhéadfar a shannadh dó nó di;

Tá an comórtas seo oscailte d'iarrthóirí:

— a bhfuil saoránacht de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh acu;

— atá i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;

— a chomhlíon aon oibleagáidí curtha i bhfeidhm ag na dlíthe maidir le seirbhís mhíleata;

— atá in ann teistiméireachtaí carachtair a sholáthar maidir lena n-oiriúnacht chun na dualgais atá sainithe a chomhlíonadh;

— a bhfuil eolas críochnúil acu ar theanga oifigiúil amháin den Aontas Eorpach agus a bhfuil eolas sásúil acu ar theanga eile den Aontas, chomh maith le heolas sármhaith ar an mBéarla ós é sin príomhtheanga an Fhorais;

— a chríochnaigh ardleibhéal d'oideachas dara leibhéal, arna dheimhniú ag dioplóma a chuireann rochtain ar staidéir ollscoile ar fáil;

— a bhfuil trí bliana taithí ar a laghad acu i ndiaidh dóibh an dioplóma a chríochnú, lena n-áirítear dhá bhliain taithí i bpost comhchosúil.

Earcófar an té a cheapfar chuig Grúpa Feidhmíochta AST, Grád 3, mar Ghníomhaire Sealadach ar conradh aga éiginnte.

Is féidir sonraí iomlána an phoist chomh maith leis na gnásanna iarratais agus roghnaithe a íoslódáil ón leathanach folúntas ar láithreán gréasáin Eurofound: www.eurofound.europa.eu/about/vacancies/. Ba chóir d'iarrthóirí an fógra folúntais a léamh go cúramach mar ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.

Ní mór gach iarratas a chur isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil ar féidir í a íoslódáil ón láithreán gréasáin freisin.

Spriocdháta le haghaidh iarratas: 7 Meitheamh 2009.

## FÓGRA UM CHOMÓRTAS OSCAILTE: BAINISTEOIR TAIGHDE (BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA)

TAGAIRT: EF/TA/09/07

(2009/C 105 A/02)

Tá an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Éire, ag iarraidh Bainisteoir Taighde (F/B) — Bainistíocht Acmhainní Daonna a earcú.

Beidh an post de Bhainisteoir Taighde — Bainistíocht Acmhainní Daonna bunaithe san Aonad um Chaidreamh Tionsclaíoch agus um Fhorbairtí san Ionad Oibre a fhéachann ar nithe a spreagann athruithe — domhandú, athrú teicneolaíoch agus aosú déimeagrafach — agus a scrúdaíonn tionchar na nithe sin ar an domhan oibre. Tá sé de rún ag an aonad feabhas a chur ar a chumas féachaint ar na saincheisteanna bainteacha d'eagrú oibre, cothromaíocht oibre-saoil, táirgiúlacht, cumas nuálaíocht a dhéanamh, inspreagadh agus forbairt caipitil dhaonna ó dhearcadh cuideachta de.

Beidh saineolas agus cuntas teiste de ghnóthachtáil i mbainistíocht acmhainní daonna idirnáisiúnta ag an té a cheapfar agus d'fhéadfadh sé/sí a t(h)aithí phraiticiúil a úsáid chun cabhrú le dearadh agus cur i bhfeidhm tionscadal taighde sna réimsí thuasluaite. Ag tuairisciú do Cheannaire an Aonaid um Chaidreamh Tionsclaíoch agus um Fhorbairtí san Ionad Oibre, beidh ról príomhúil aige/aici i bhforbairt an treoshuímh nua seo, a bheidh dírithe ar leibhéal na cuideachta.

Tá an comórtas seo oscailte d'iarrthóirí:

— a bhfuil saoránacht de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh acu;

— atá i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;

— a chomhlíon aon oibleagáidí curtha i bhfeidhm ag na dlíthe maidir le seirbhís mhíleata;

— atá in ann teistiméireachtaí carachtair a sholáthar maidir lena n-oiriúnacht chun na dualgais atá sainithe a chomhlíonadh;

— a bhfuil eolas críochnúil acu ar theanga oifigiúil amháin den Aontas Eorpach agus a bhfuil eolas sásúil acu ar theanga eile den Aontas, chomh maith le heolas sármhaith ar an mBéarla ós é sin príomhtheanga an Fhorais;

— a bhfuil oideachas ollscoile de 4 bliana ar a laghad acu, a raibh céim i mBainistíocht Acmhainní Daonna nó i Riarachán Gnó mar thoradh air;

— a bhfuil sé bliana ar a laghad de thaithí ábhartha phroifisiúnta acu i ndiaidh bhronnadh na céime ollscoile;

Earcófar an té a cheapfar chuig Grúpa Feidhmíochta AD, Grád 7, mar Ghníomhaire Sealadach ar conradh aga éiginnte.

Is féidir sonraí iomlána an phoist chomh maith leis na gnásanna iarratais agus roghnaithe a íoslódáil ón leathanach folúntas ar láithreán gréasáin Eurofound: www.eurofound.europa.eu/about/vacancies/. Ba chóir d'iarrthóirí an fógra folúntais a léamh go cúramach mar ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.

Ní mór gach iarratas a chur isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil ar féidir í a íoslódáil ón láithreán gréasáin freisin.

Spriocdháta le haghaidh iarratas: an 7 Meitheamh 2009.

Is féidir sonraí iomlána an phoist chomh maith leis na gnásanna iarratais agus roghnaithe a íoslódáil ón leathanach folúntas ar láithreán gréasáin Eurofound: www.eurofound.europa.eu/about/vacancies/. Ba chóir d'iarrthóirí an fógra folúntais a léamh go cúramach mar ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.

Ní mór gach iarratas a chur isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil ar féidir í a íoslódáil ón láithreán gréasáin freisin.

Spriocdháta le haghaidh iarratas: 7 Meitheamh 2009.

## FÓGRA UM CHOMÓRTAS OSCAILTE: BAINISTEOIR TAIGHDE (BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA)

TAGAIRT: EF/TA/09/07

(2009/C 105 A/02)

Tá an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Éire, ag iarraidh Bainisteoir Taighde (F/B) — Bainistíocht Acmhainní Daonna a earcú.

Beidh an post de Bhainisteoir Taighde — Bainistíocht Acmhainní Daonna bunaithe san Aonad um Chaidreamh Tionsclaíoch agus um Fhorbairtí san Ionad Oibre a fhéachann ar nithe a spreagann athruithe — domhandú, athrú teicneolaíoch agus aosú déimeagrafach — agus a scrúdaíonn tionchar na nithe sin ar an domhan oibre. Tá sé de rún ag an aonad feabhas a chur ar a chumas féachaint ar na saincheisteanna bainteacha d'eagrú oibre, cothromaíocht oibre-saoil, táirgiúlacht, cumas nuálaíocht a dhéanamh, inspreagadh agus forbairt caipitil dhaonna ó dhearcadh cuideachta de.

Beidh saineolas agus cuntas teiste de ghnóthachtáil i mbainistíocht acmhainní daonna idirnáisiúnta ag an té a cheapfar agus d'fhéadfadh sé/sí a t(h)aithí phraiticiúil a úsáid chun cabhrú le dearadh agus cur i bhfeidhm tionscadal taighde sna réimsí thuasluaite. Ag tuairisciú do Cheannaire an Aonaid um Chaidreamh Tionsclaíoch agus um Fhorbairtí san Ionad Oibre, beidh ról príomhúil aige/aici i bhforbairt an treoshuímh nua seo, a bheidh dírithe ar leibhéal na cuideachta.

Tá an comórtas seo oscailte d'iarrthóirí:

— a bhfuil saoránacht de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh acu;

— atá i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;

— a chomhlíon aon oibleagáidí curtha i bhfeidhm ag na dlíthe maidir le seirbhís mhíleata;

— atá in ann teistiméireachtaí carachtair a sholáthar maidir lena n-oiriúnacht chun na dualgais atá sainithe a chomhlíonadh;

— a bhfuil eolas críochnúil acu ar theanga oifigiúil amháin den Aontas Eorpach agus a bhfuil eolas sásúil acu ar theanga eile den Aontas, chomh maith le heolas sármhaith ar an mBéarla ós é sin príomhtheanga an Fhorais;

— a bhfuil oideachas ollscoile de 4 bliana ar a laghad acu, a raibh céim i mBainistíocht Acmhainní Daonna nó i Riarachán Gnó mar thoradh air;

— a bhfuil sé bliana ar a laghad de thaithí ábhartha phroifisiúnta acu i ndiaidh bhronnadh na céime ollscoile;

Earcófar an té a cheapfar chuig Grúpa Feidhmíochta AD, Grád 7, mar Ghníomhaire Sealadach ar conradh aga éiginnte.

Is féidir sonraí iomlána an phoist chomh maith leis na gnásanna iarratais agus roghnaithe a íoslódáil ón leathanach folúntas ar láithreán gréasáin Eurofound: www.eurofound.europa.eu/about/vacancies/. Ba chóir d'iarrthóirí an fógra folúntais a léamh go cúramach mar ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.

Ní mór gach iarratas a chur isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil ar féidir í a íoslódáil ón láithreán gréasáin freisin.

Spriocdháta le haghaidh iarratas: an 7 Meitheamh 2009.

**ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A 'COMÓRTAS'**

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.
Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

| | |
|---|---|
| 9 | (DE/EN/FR) |
| 10 | (IT) |
| 12 | (DE/FR) |
| 13 | |
| 14 | (DE/EN/FR) |
| 16 | (DE/EN/FR) |
| 17 | (BG/ET/LT/LV/MT/RO) |
| 20 | |
| 21 | (DE/EN/FR) |
| 23 | |
| 24 | (DE/FR/NL) |
| 25 | (BG/ET/LT/LV/MT/RO) |
| 28 | (DE/EN/FR) |
| 34 | (FR) |
| 36 | (GA/EN) |
| 37 | |
| 38 | |
| 39 | (SV) |
| 41 | (DE/EN/FR) |
| 42 | (EN) |
| 45 | |
| 46 | (DE/EN/FR) |
| 47 | |
| 52 | (DA/FI/MT) |
| 58 | (DE/EN/FR) |
| 59 | (DE/EN/ES/FR/PT/SV) |
| 62 | (BG/CS/LT/LV/MT/PL/RO/SK) |
| 63 | |
| 70 | |
| 71 | |
| 75 | (DE/EN/FR) |
| 80 | (FR) |
| 84 | (BG/RO) |
| 86 | |
| 91 | |
| 93 | (BG/RO) |
| 94 | |
| 95 | |
| 97 | (DE/EN/FR) |
| 98 | |
| 99 | (GA/EN) |
| 103 | |
| 104 | (CS/PL) |
| 105 | |

## COSTAS SÍNTIÚIS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 000 sa bhliain (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 100 sa mhí (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 700 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 70 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 40 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 500 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

| | | |
|---|---|---|
| (*) Á díol de réir uimhreach: | suas go 32 leathanach: | EUR 6 |
| | ó 33 go 64 leathanach: | EUR 12 |
| | níos mó ná 64 leathanach: | Praghas socraithe i ngach cás. |

Tá an síntiús do Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

## Díolacháin agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu

Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu

OIFIG FOILSEACHÁN OIFIGIÚIL NA gCOMHPHOBAL EORPACH
L-2985 LUCSAMBURG

GA